



Coiste na Gaeilge <u>Cruinniú</u> Dé Céadaoin 14 Aibreán 2021 ag 11.00am <i>Cuireadh moill ar thús an chruinnithe mar go raibh an cuntas Zoom á úsáid do chruinniú eile. Cuireadh tús leis an gcruinniú thart ar 11.10am ar Microsoft Teams.</i>	Irish Language Committee <u>Meeting</u> Wednesday 14th April at 11.00am <i>The start of the meeting was delayed as the Zoom account was in use for another meeting. The meeting began at approximately 11.10am on Microsoft Teams.</i>
MIONTUAIRISCÍ	MINUTES
I láthair: • Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – An Dr Noel Ó Murchadha • Rúnaí an Choláiste – John Coman • Ionadaí an Bhoird – An tOllamh Louis Brennan • Ionadaí Chláraitheoir na Seomraí – An Dr Dónall Mac Dónaill • Ionadaí na Comhairle – An Dr Damian Murchan • Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Gretchen Nic Sheanlaoich • Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Ciara Ní Mhurchú • Oifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabháin (Rúnaí) • Ionadaí na nDéan – An Dr Anthony O'Connor • An Leabharlann – Nicole Seabrook • An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Orlaith Tunney	Present: • Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó Murchadha • Secretary to the College – John Coman • Representative of Board – Professor Louis Brennan • Registrar of Chambers nominee – Dr Dónall Mac Dónaill • Representative of Council – Dr Damian Murchan • Students' Union Irish Language Officer – Gretchen Nic Sheanlaoich • Auditor of An Cumann Gaelach – Ciara Ní Mhurchú • Irish Language Officer – Áine Ní Shúilleabháin (Secretary) • Faculty Dean representative – Dr Anthony O'Connor • Library – Nicole Seabrook • Administrative and Support Area – Orlaith Tunney
1. Ballraíocht & Leithscéalta:	1. Membership & Apologies:
• Roinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – An Dr Eoin Mac Cárthaigh • Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig • Aontas na nIarchéimithe – Gisèle Scanlon • Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta – <i>folúntas</i>	• Department of Irish & Celtic Languages – An Dr Eoin Mac Cárthaigh • Faculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig • Graduate Students' Union – Gisèle Scanlon • Faculty of Engineering, Mathematics and Science – <i>vacancy</i>
2. Ballraíocht	2. Membership
Labhair an Cathaoirleach agus roinnt de na baill faoi bheirt iarbhail de chuid an Choiste. Clíona Ní Shúilleabháin	The Chair and some members spoke of two former members of the Coiste. Clíona Ní Shúilleabháin

D'imigh Clíona ar shlí na fírinne gan choinne níos luaithe i mbliana. Iarbhall de Choiste na Gaeilge ba ea í, bhí sí ar choiste bainistíochta Sheomra na Gaeilge agus bhíodh an-bhaint aici le hagallaimh na Scéime Cónaithe. Rinne sí sárobair ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge sa Leabharlann agus thugadh sí camchuariteana trí Ghaeilge ar an Seomra Fada agus ar Leabhar Cheanannais. Moladh í as an gcomhairle agus as an tacaíocht a thug sí don Oifigeach Gaeilge i gcaitheamh na mblianta agus as gach ní a rinne sí ar son na teanga. Ba chúis mhór bróin an nuacht fúithi a chloisteáil. Seolfar nóta comhbhróin chuig a muintir ar son an Choiste. Tréasláodh le Muireann Nic Corcráin, céimí de chuid Roinn na Gaeilge, mac léinn iarchéime i láthair na huaire in CLCS, agus Iar-Oifigeach na Gaeilge de chuid Aontas na Mac Léinn as a bheith tofa don ról mar Leas-Uachtarán don Ghaeilge don USI. Is dea-scéal é seo don Choláiste agus do chúrsaí teanga. Seolfar nóta comhghairdis chuici ar son an Choiste. Cuireadh fáilte roimh Orlaith Tunney, ionadaí don Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta a thagann i gcomharbacht ar Caoimhe Ní Lochlainn. Fógraíodh go mbeidh Laoise Quinn, ionadaí do Dhámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta, agus na Matamaitice ag fágáil an Choiste agus tá ionadaí nua le ceapadh.	Clíona passed away earlier this year. She was a former member of Coiste na Gaeilge, she was on the management committee for Seomra na Gaeilge, and was very involved in the Residency Scheme interviews. She worked very hard to promote Irish in the Library and she provided Irish language tours of the Long Room and the Book of Kells. She was commended for her advice and support for the Irish Language Officer over the years and for all she did for the language. It was with regret that the news of her passing was received. A note of condolence will be sent to her family on behalf of the Coiste. Muireann Nic Corcráin, a graduate of the Department of Irish, a current graduate student at CLCS, and a former Irish Language Officer of the Students' Union, was congratulated for being elected to the role of Vice President for Irish for the USI. This is good news for the College and for language matters. A congratulatory note will be sent to her on behalf of the Coiste. Orlaith Tunney who succeeds Caoimhe Ní Lochlainn as representative of the Administrative and Support Area was welcomed. It has been announced that Laoise Quinn, representative of the Faculty of Science, Technology, Engineering, and Mathematics, will be leaving the Coiste and a new representative is to be appointed.
3. Miontuairiscí	3. Minutes
Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe ón 18 Nollaig 2020.	The minutes of the meeting held on 18th December 2020 were approved.
4. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Ceathrú Scéim Teanga	4. Official Languages Act and the Fourth Language Scheme
Tá an Bille Teanga nua á phlé go fóill ag céim na gcoistí san Oireachtas. Tá 308 leasú molta don Bhille agus níl plé déanta ach ar 105 leasú go dtí seo. Tá an plé iomlán déanta ar 96 leasú acu sin. Luadh go bhféadfadh impleachtaí a bheith ag an mBille ar chúrsaí earcaíochta don ollscoil mar gur dóchúil go mbeidh riachtanas ann go mbeadh Gaeilge ag 20% d'earcaigh nua sa tseirbhís phoiblí. Moladh go gcuirfí Ceann Acmhainní Daonna na hollscoile ar an eolas faoi seo. Tá an obair ag leanúint ar aghaidh leis an Scéim Teanga agus tá na tuairimí agus an t-aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí scagtha lena n-áirítear aighneachtaí, suirbhé ar an bpobal ollscoile agus cruinniú poiblí. Tá dréachtscéim ullmhaithe	The new Language Bill is still being discussed at committee stage in the Oireachtas. There are 308 proposed amendments to the Bill and only 105 amendments have been discussed to date. 96 of these amendments have been fully discussed. It was noted that the Bill could have implications for recruitment in Trinity as it is likely that 20% of new recruits to the public service will be required to speak Irish. It was recommended that the university's Head of Human Resources be informed of this. Work is continuing on the Language Scheme and the comments and feedback from the public consultation have been reviewed including submissions, a survey of the university community and a public meeting. A draft scheme

agus tá na gealltanais nua le haontú leis na hoifigí agus ranna éagsúla. Cuirfear cóip den dréachtscéim os comhair an Choiste ag an gcéad chruinniú eile.	has been prepared and the new commitments are to be agreed with the various offices and departments. A copy of the draft scheme will be presented to the Coiste at its next meeting.
5. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar imeachtaí an téarma agus ar obair leanúnach na hOifige. Scéim Cónaithe Bhí tionchar ag an dianghlasáil agus ag srianta leibhéil a cúig i mí Eanáir ar an Scéim Cónaithe an téarma seo. D'ímigh roinnt mac léinn abhaile tar éis na Nollag ach bhí siad páirteach sa Scéim agus sna tionscadail ar líne go fóill. Tá 28 mac léinn ar an Scéim ag deireadh na bliana acadúla (as 30 spás). Tá tionscadail na Scéime curtha i gcrích don téarma seo. Ina measc bhí sraith agallamh le haoichainteoirí cosúil le Manchán Magan, Sinéad Ní Uallacháin agus Cian Ó Gríofa (@gaylgeoiri); pléphainéal ar chúrsaí míchumais le haoichainteoirí ó Trinity Ability Co_op, físeáin chócaireachta, tráth na gceist agus físeáin do TikTok. Ina theannta sin, tá Irisleabhar na Scéime curtha le chéile agus cuirfear cóip ar fáil do gach mac léinn ar an Scéim. Beidh an oíche léiriúcháin ar siúl ar an 19 Aibreán. Scéim an Champais agus Scéim na Dara Bliana 2021/22 Tá an próiseas iarratais do Scéim an Champais agus do Scéim na Dara Bliana i Halla na Tríonóide oscailte faoi láthair. Seoladh ríomhphost go gach mac léinn fochéime san ollscoil agus tá eolas á roinnt ar na meáin shóisialta. Is é an spriocdháta ná an Luan 19 Aibreán ag 9am. Tá sé i gceist go mbeadh na hagallaimh ar siúl ar líne ag deireadh na míosa. Scéim na Chéad Bhliana 2021/22 Beifear ag fógairt an Scéim Cónaithe do mhic léinn na chéad bhliana go luath. Seolfar eolas chuig na scoileanna, cuirfear fógra (íochta) ar na meáin agus beidh feachtas poiblíochta ar na meáin shóisialta. Tá seans ann go mbeidh laghdú ar líon na n-iarratas i mbliana toisc go n-éiríonn leis an Oifigeach Gaeilge a lán poiblíochta a dhéanamh ar an Scéim ag an Lá Oscailte de ghnáth agus níor rabhthas in ann é sin a dhéanamh i mbliana. Ranganna Gaeilge Tiocfaidh deireadh leis na cúrsaí Gaeilge an tseachtain seo. Reáchtáladh na ranganna ar líne arís an téarma seo: ocht n-uair an chloig in iomlán feadh ocht seachtaine, agus cuireadh ceithre leibhéal ar fáil (A1, A2, B1, B2). Bhí cur chuige difriúil i gceist leis an bpróiseas clárúcháin sa téarma seo chun deis a thabhairt do dhaoine an t-eolas cuí a léamh agus an triail ar líne a dhéanamh chun an leibhéal ranga ceart a mheas, agus ansin clárú ag dáta níos déanaí. Líonadh na ranganna go léir ach ní raibh an líon céanna daoine ar na liosta feithimh.	5. Report of the Irish Language Officer The Irish Language Officer gave an account of the events of the term and the ongoing work of the Office. Residency Scheme Lockdown and level five restrictions in January affected the Residency Scheme this term. Some students returned home after Christmas but were still involved in the Scheme and in online projects. 28 students remain on the Scheme at the end of the academic year (out of 30 spaces). The Scheme projects have been completed for this term. These included a series of interviews with guest speakers such as Manchán Magan, Sinéad Ní Uallacháin and Cian Ó Gríofa (@gaylgeoiri); a discussion panel on disability matters with guest speakers from Trinity Ability Co_op, cooking videos, quizzes and videos for TikTok. In addition, the Scheme magazine has been compiled and a copy will be made available to all students. The Scheme presentation night will take place on April 19th. Campus & Second Year Residency Scheme 2021/22 The application process for the Campus and Second Year Scheme in Trinity Hall is currently open. An email has been sent to all undergraduate students and information is being shared on social media. The deadline is Monday 19th April at 9am. The interviews are scheduled to take place online at the end of the month. First Year Residency Scheme 2021/22 The Residency Scheme for first year students will be announced shortly. Information will be sent to schools, (paid) media advertisements will be used and there will be a publicity campaign on social media. It is possible that the number of applications will decrease this year as the Irish Language Officer usually manages to publicise the Scheme to a great extent at Open Day and this was not possible this year. Irish Language Classes The Irish language courses will end this week. The online classes took place again this term: a total of eight hours over eight weeks, and four levels were offered (A1, A2, B1, B2). A different approach was used for the registration process this term to allow people to read all the relevant information and take the online test to assess the correct class level, and then to register at a later date. All classes were filled but not as many people were on waiting lists. An information session was organised at the beginning of the term with a Gaelchultúr Lecturer.

Eagraíodh seisiún eolais ag tús an téarma in éineacht le Léachtóir le Ghaelchultúr.

Éigse na Tríonóide

I mbliana, bhí Éigse na Tríonóide agus Seachtain na Gaeilge ar siúl sa tseachtain chéanna ó 1-5 Márta agus bhí gach imeacht ar líne. Thug sé seo deis don Oifigeach Gaeilge, Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn agus Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh oibriú go dlúth le chéile. Tugadh faoi fheachtas fógraíochta níos mó i mbliana agus baineadh úsáid as féilire na hollscoile, T-Net (inlíon nua na hollscoile), preas ráiteas, Linktree éagsúil don fhéile, agus na meáin shóisialta.

I measc na n-imeachtaí bhí seirbhís urnaí (Seirbhís an tSolais) leis an tSéiplíneacht Chaitliceach agus Urnaí Nóna i nGaeilge leis an tSéiplíneacht Anglacánach. Gabhadh buíochas leis na séiplínigh as a gcuid tacaíochta. Cuireadh Pop-Up Gaeltacht ar siúl le ceol agus amhránaíocht, agus reáchtáil grúpa ar an Scéim Cónaithe plé painéal ar chúrsaí rochtana i gcomhar leis an Ability Co_op.

D'éirigh go maith leis an gcomhiarracht féile mhór amháin a chur ar siúl ar son na Gaeilge agus ba bhuntáiste í ó thaobh eagrúcháin de. Bhí plé idir an tOifigeach Gaeilge, Reachtaire an Chumainn agus Oifigeach Gaeilge AML maidir leis an Éigse a athrú go mí an Mhárta agus é a reáchtáil in éineacht le Seachtain na Gaeilge amach anseo ach measadh gur fearr a oireann sé do mhic léinn an Éigse a bheith ar siúl níos luaithe sa téarma (e.g. Seachtain 5) de bharr obair ollscoile, srl.

Oifig Cumarsáide/na Meáin Shóisialta

Táthar ag obair leis an Oifig Cumarsáide chun deis a thabhairt d'ambasadóir mac léinn ceannas a thógáil ar phríomhchuntas Instagram agus TikTok na hollscoile ó am go ham chun poiblíocht a dhéanamh ar thionscadail Ghaeilge agus chun teacht ar lucht leanúna níos mó. Rinne an mac léinn Ruairí Ó Séanáin 'Instagram takeover' le linn Éigse na Tríonóide/Seachtain na Gaeilge agus chruthaigh sé físeáin don chuntas TikTok chun poiblíocht a dhéanamh ar an bhféile. Le déanaí, rinne sé amhlaidh chun an Scéim Cónaithe a fhógairt agus chun níos mó eolais a chur ar fáil faoin bpróiseas iarratais. Tá sé i gceist tuilleadh ábhar a chruthú nuair a osclófar an próiseas iarratais do Scéim na Chéad Bhliana.

Cuireadh tacaíocht aistriúcháin ar fáil don Oifig Cumarsáide do thoghchán an Phropaist nua ar an 10 Aibreán chun preasráitis agus ábhar do na meáin shóisialta a fhoilsiú i nGaeilge.

Ciorcal Comhrá

Tá an ciorcal comhrá ag leanúint ar aghaidh ar líne leis an bpobal ollscoile, mic léinn na Scéime san áireamh, agus daoine timpeall na tíre. Leanfar leis an imeacht ar líne go dtí

Éigse na Tríonóide

This year, Éigse na Tríonóide and Seachtain na Gaeilge took place in the same week from 1-5th March, and all events were online. This provided an opportunity for the Irish Language Officer, the Students' Union Irish Language Officer and Auditor of An Cumann Gaelach to work closely together. A more extensive advertising campaign was undertaken this year using the university calendar, T-Net (the university's new intranet), a press release, a specific Linktree for the festival, and social media.

Events included a prayer service (Service of Light) with the Catholic Chaplaincy and a Evening Prayer in Irish with the Anglican Chaplaincy. The chaplains were thanked for their support. A Pop-Up Gaeltacht with music and singing was held, and a group on the Residency Scheme held a panel discussion on accessibility issues in collaboration with the Ability Co_op.

The joint effort to hold one big festival for the Irish language was a great success and was advantageous from an organisational aspect. The Irish Language Officer, Auditor of An Cumann Gaelach and the SU Irish Language Officer discussed changing the festival to March and holding it at the same time as Seachtain na Gaeilge in the future but the view is that it is more suitable for students to hold Éigse earlier in the term (e.g. Week 5) due to university work, etc.

Communications Office/Social Media

The Irish Language Officer is working with the Communications Office to allow a student ambassador the opportunity to take over the university's main Instagram and TikTok accounts now and again to publicise Irish language projects and to reach more a larger audience. Student Ruairí Ó Séanáin held an 'Instagram takeover' during Éigse na Tríonóide/Seachtain na Gaeilge and created video content for the TikTok account to publicise the festival. He also promoted the Residency Scheme recently and provided more information on the application process. It is intended to create more material when the application process for the First Year Residency Scheme opens.

Translation support was provided to the Communications Office for the Provost election on 10th April to publish press releases and social media content in Irish.

Conversation Circle

The conversation circle continues online with the university community including Residency Scheme students, and people from around the country. The online event will continue until

deireadh an tsamhraidh ag brath ar na srianta a bheidh i bhfeidhm.

Lá Oscailte na hIarchéimithe, 6 Márta 2021

Bhí an tOifigeach Gaeilge agus beirt mhac léinn ón Scéim Cónaithe ar fáil chun ceisteanna faoin nGaeilge a fhreagairt beo ar líne le linn an lae oscailte. Cuireadh cur i láthair taifeadta ar chúrsaí Gaeilge san ollscoil agus leagan Gaeilge den turas fíorúil den champas ar fáil ar an suíomh gréasáin sonraithe do mhic léinn iarchéime.

Ard-Choimisiún na Banglaidéise i Londain

Seoladh aistriúcháin Ghaeilge, Bhreatnaise agus Albanacha d'óráid a thug bunaitheoir na Banglaidéise, Bangabandhu Sheikh Mujibur Rahaman, sa bhliain 1971 ag ócáid fhíorúil ar an 8 Márta a d'éagraigh ag Ard-Choimisiún na Banglaidéise i Londain. Ba í Ard-Choimisinéir na Banglaidéise don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn, Saida Muna Tasnee, a rinne óstáil ar an ócáid ar a d'fhreastail thart ar 180 duine. I measc na gcainteoirí bhí Céad-Aire na Breataine Bige, Aire Gnóthaí Eachtracha na Banglaidéise agus an tAire Stáit ag Roinn an Taoisigh agus ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Thomas Byrne, chomh maith leis an Dr Eoin Mac Cárthaigh agus an tOllamh Juliette Hussey, an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda, a labhair ar son Choláiste na Tríonóide.

Thréaslaigh an Coiste leis an aistritheoir agus céimí de chuid Roinn na Gaeilge, Ross Ó Colmáin, agus leis an Dr Eoin Mac Cárthaigh as a chuid oibre agus tacaíochta leis an tionscadal seo. Eisíodh preas ráiteas faoin imeacht

<https://bit.ly/3tkUqee>.

Nuachtlitir Alumni – eagrán idirnáisiúnta

D'fhoilsigh an Oifig Alumni eagrán idirnáisiúnta dá ríomhíris mhíosúil *Trinity Alumni News* dírithe ar an diaspora i mí an Mhárta do Lá Fhéile Pádraig. Cuireadh [leathanach ar an nGaeilge](#) san áireamh ina ndéantar cur síos ar an dul chun cinn atá déanta ag Coláiste na Tríonóide leis an nGaeilge. Cuireadh aistriúchán Béarla ar fáil chomh maith.

Seomra na Gaeilge

Osclaíodh Seomra na Gaeilge ar feadh seachtaine ag tús mhí Eanáir ach dúnadh ansin é in éineacht le roinnt spásanna eile ar an gcampas de bharr shrianta Leibhéal 5. Tá cúinne Gaeilge ar fáil i dTeach Regent do mhic léinn ar mhaith leo spás chun an Ghaeilge a labhairt.

TEG

Tá spéis léirithe ag beirt i scrúduithe TEG i mbliana agus tá duine acu sin cláraithe don scrúdú iomlán A2 (lánchreidiúint). Beidh na scrúduithe ar líne i mbliana.

Tuairisc Airgeadais

Cuireadh cuntas airgeadais don tréimhse Deireadh Fómhair 2020 go Feabhra 2021 (5 mhí) ar fáil.

after the end of the summer depending on the restrictions that will be in place.

Postgraduate Open Day, 6th March 2021

The Irish Language Officer and two students from the Residency Scheme were available to answer questions about the Irish language live online during the open day. A recorded presentation on the Irish language in Trinity and an Irish language version of the virtual campus tour were made available on the specified website for postgraduate students.

Bangladesh High Commission in London

Irish, Welsh and Scottish language translations of a speech given in 1971 by Bangladesh's founder father, Bangabandhu Sheikh Mujibur Rahaman, were launched at a virtual event on 8th March organized by the Bangladesh High Commission in London. The event, attended by approximately 180 people, was hosted by the High Commissioner of Bangladesh to the United Kingdom and Ireland, Saida Muna Tasnee. Speakers included the First Minister of Wales, Bangladesh Minister for Foreign Affairs and the Minister of State at the Departments of the Taoiseach and Foreign Affairs, Thomas Byrne, as well as Dr Eoin Mac Cárthaigh and Professor Juliette Hussey, Vice President of Global Relations, who spoke on behalf of Trinity. The Coiste congratulated the translator and Department of Irish graduate, Ross Ó Colmáin, and Dr Eoin Mac Cárthaigh for his work and support on this project. A press release was issued on the event <https://bit.ly/3tkUqee>.

Alumni newsletter – international edition

The Alumni Office published an international edition of its monthly ezine *Trinity Alumni News* in March for St. Patrick's Day. A page [on the Irish language](#) was included outlining Trinity's progress with the language. An English translation was also provided.

Seomra na Gaeilge

Seomra na Gaeilge opened for one week at the beginning of January but then closed along with a number of other spaces on campus due to Level 5 restrictions. An Irish language corner is available in Regent House for students who would like a space in which to speak Irish.

TEG

Two people have expressed an interest in this year's TEG examinations, and one has registered for the full A2 examination (full credit). The exams will be online this year.

Financial Report

A financial account for the period October 2020 to February 2021 (5 months) was provided.

Tá €22,227.60 caite ar ábhair phá agus €23,382.87 ar ábhair neamhphá go dtí seo i mbliana – €45,610.47 in iomlán. Tá sé tuartha go gcaithfear thart ar €106,700 faoi dheireadh na bliana agus is é €106,500 buiséad na hoifige. Measadh go bhfuil thart ar €6,000 de chostais rialta nár caitheadh i mbliana de bharr shrianta an choróinvírís (e.g. imeachtaí, foilseacháin, earraí do Sheomra na Gaeilge, srl.).	€22,227.60 has been spent on pay items and € 23,382.87 on non-pay items so far this year – a total of €45,610.47. It is estimated that approximately €106,700 will be spent by year end and the office's budget is €106,500. It is estimated that approximately €6,000 in usual costs have not been spent this year due to coronary virus restrictions (e.g. events, publications, items for Seomra na Gaeilge, etc.).
6. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh Rinne an Leas-Reachtair cur síos ar obair an Chumainn sa téarma seo: • Reáchtáladh dhá imeacht in aghaidh na seachtaine ar a laghad le linn an téarma, go leor acu i gcomhpháirtíocht le cumainn eile. Ina measc bhí: - Plé Painéil don tSeachtain Ghlas leis an gComhairleoir Glas, Peadar Ó Caomhánach, Sinéad Mercier atá ina léachtóir in Ollscoil Mhá Nuad, agus an dearthóir feistis, Moya Doogan. - Plé Painéil ar chearta teanga sna cúirteanna agus sa tseirbhís phoiblí le TCD FLAC. - Agallamh le fostaí de chuid an AE le Cumann na dTeangacha Nua-aimseartha. - Díospóireacht idir-ollscoileanna le Cumann Gaelach UCD agus Cumann Gaelach UCC. • Seoladh feachtas <i>Rochtain ar Ghaeilge do Chách</i> ar mhaithe le haird a dhíriú ar na deacrachtaí a bhíonn ag daoine le fadhbanna soghluaisteachta teacht ar Sheomra na Gaeilge. Tugadh cuireadh do mhic léinn achainí a shíniú inar iarradh ar údarais na hollscoile teacht ar réiteach ar an bhfadhb. Seoladh an feachtas ag cruinniú ar líne ag a labhair Niamh Ní Hoireabhaird, Oifigeach Míchumais AML. Rinneadh físeán le scaipeadh ar na meáin chun tacú leis an bhfeachtas agus bhí Uachtarán AML, Eoin Hand, páirteach ann. Bailíodh agus foilsíodh ráitis ó iarbhaill an Chumainn, Ross Ó Colmáin agus Maria Schäler. Fuarthas níos mó ná 280 síniú ar an achainí agus seoladh chuig an Sparánaí agus Ceann Oifig na nEastát agus na Saoráidí é ag tús mhí Aibreán. • Bhí an Cumann an-ghníomhach ar na meáin shóisialta arís an téarma seo chun caidreamh a chothú lena chuid ball. Baineadh úsáid leanúnach as Facebook, Instagram, Twitter, TikTok, Spotify agus Discord. Ina theannta sin, bhí baill an Chumainn páirteach i gclár ar Raidió Rí Rá gach seachtain. • Seoladh iarratas do ghradaim bhliantúil Ghlór na nGael ar an 1 Aibreán. Beidh agallamh le déanamh amach anseo mar chuid den phróiseas roghnaithe.	6. An Cumann Gaelach Report The Auditor reported on the society's work this term: • At least two events per week were held during the term, many in partnership with other societies. These included: - A Green Week panel discussion with Green Party Councillor Peter Kavanagh, lecturer at Maynooth University, Sinéad Mercier, and costume designer, Moya Doogan. - A panel discussion on language rights in the courts and in the public service with TCD FLAC. - An interview with an employee of the EU with the DU Modern Languages Association. - An inter-university debate with UCD and UCC Irish language societies. • A campaign entitled <i>Access to Irish for All</i> was launched to highlight the difficulties faced by people with mobility problems accessing Seomra na Gaeilge. Students were invited to sign a petition asking university authorities to find a solution to the problem. The campaign was launched at an online meeting with the SU's Disability Officer, Niamh Ní Hoireabhaird, as a guest speaker. A video was circulated on social media in support of the campaign and featured SU President Eoin Hand. Statements were collected and published from former members of An Cumann Gaelach, Ross Ó Colmáin and Maria Schäler. The petition received over 280 signatures and was sent to the Bursar and Head of Estates and Facilities Office in early April. • An Cumann was very active on social media again this term in efforts to build relationships with its members. Facebook, Instagram, Twitter, TikTok, Spotify and Discord accounts were used consistently. In addition, members took part in a weekly show on Raidió Rí Rá.

Tá toghcháin ar bun faoi láthair chun coiste na bliana seo chugainn a roghnú. Tá an cur chuige céanna agus a bhí ann anuraidh in úsáid agus beidh toghchán éagsúil ar siúl thar 11 lá. Tá cúigear oifigeach tofa go dtí seo. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Ciara as a cuid oibre i rith na bliana agus as a cuid tuairiscí don Choiste.	- An application for the yearly Glór na nGael awards was submitted on 1st April. An interview will take place as part of the selection process. - Elections are currently underway to select next year's committee. The same approach is being taken as last year with a different election taking place over 11 days. Five officers have been elected so far. The Chair thanked Ciara for her work during the year and for her reports to the Coiste.
7. Tuairisc Aontas na Mac Léinn Thug Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn (AML) cuntas ar an obair a bhí ar bun le linn an téarma. - Reáchtáladh Éigse na Tríonóide go hiomlán ar líne. Eagraíodh 23 imeacht éagsúil agus rinneadh comhoibriú le cumainn cosúil le TradSoc, UT, an Cumann Bia agus Deoch, an Cumann Drámaíochta agus na Trintones. Cuireadh fochoiste le chéile chun an fhéile a reáchtáil agus bhí go leor eagrúcháin le déanamh ó thaobh cúrsaí teicneolaíochta de: grafaicí faisnéise a ullmhú do gach imeacht, poiblíocht a dhéanamh ar na meáin, nasc Zoom a chur ar fáil do gach imeacht, gach uile nasc don tseachtain a chur ar Linktree, imeachtaí a chur le Féilire na hollscoile, srl. - Ghlac AML páirt i scéim nua de chuid Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) i mbliana ar a dtugtar Bonn na Gaeilge. Tá fianaise ar na spriocanna a baineadh amach faoin scéim seo seolta go AMLÉ agus beidh cur i láthair le déanamh chomh maith i ndáil le bonn a bhaint amach. Tá níos mó Gaeilge á úsáid ag AML i gcruinnithe, i ríomhphoist agus ar chuntais na meán sóisialta faoin scéim, agus tá sé i gceist an chomharthaíocht i dTeach 6 a uasdátú chomh maith. - Ceann de na spriocanna a luadh mar chuid den scéim Bonn na Gaeilge ba ea suíomh gréasáin an Aontais a chur ar fáil i nGaeilge. Measadh go mbeadh sé indéanta an suíomh iomlán a aistriú mar go ndéantar uasdátú air go han-rialta agus bheadh go leor oibre i gceist don Oifigeach Gaeilge nuair is ról páirtaimseartha atá i gceist. Rinneadh cinneadh blag Gaeilge a chur leis an suíomh agus áiríonn sé liosta acmhainní, téarmaíocht a bhaineann leis an Aontas, naisc go seirbhísí Gaeilge san ollscoil agus teimpléid do cháipéisí cruinnithe. Táthar ag súil go mbeifear ag cur leis amach anseo.	7. Students' Union Report The SU Irish Language Officer gave an account of the work carried out over the course of the term. - Éigse na Tríonóide was run entirely online. 23 different events were took place and many in collaboration with societies such as TradSoc, UT, DU Food and Drink, DU Players and the Trintones. A sub-committee was created to run the festival and a lot of organisation was required in terms of technology: preparing infographics for each event, publicisation on social media, providing a Zoom link for each event, making all links for the week available on Linktree, adding events to the College calendar, etc. - The SU participated in the USI's new scheme entitled <i>Bonn na Gaeilge</i> this year. Evidence of the goals achieved under this scheme has been submitted to USI and a presentation will also need to be made to be granted an award. Under the scheme the SU is using more Irish language in its meetings, in emails and on social media accounts, and it is also planned to update the signage in House 6. - One of the goals included in the scheme was to make the SU's website available in Irish. It would be difficult to translate the entire website as it is updated very regularly and would require a lot of work for the Irish Language Officer whose role is part-time. It has been decided to add an Irish language blog to the site which includes a list of resources, Union-related terminology, links to Irish language services in the university and templates for meeting documents. It is hoped to add to this in future. - The SU's Irish Language Policy has been updated. The Union's Irish Language Committee had the

- Tá uasdátú déanta ar Pholasáí Gaeilge AML. Bhí deis ag Coiste Gaeilge an Aontais a gcuid tuairimí a chur in iúl don pholasáí nua. - Toghfarr Oifigeach Gaeilge an Aontais don bhliain seo chugainn ar an 27 Aibreán. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Gretchen as a cuid oibre i rith na bliana agus guíodh gach rath uirthi amach anseo.	opportunity to express their views for the new policy. Next year's Irish Language Officer will be elected on 27th April. The Chair thanked Gretchen for her work during the year and wished her every success in the future.
8. Seomra na Gaeilge Cuireadh in iúl don Choiste gur sheol Oifig na nEastát agus na Saoráidí meabhrán chuig an Sparánaí agus chuig Stiúrthóir na Seirbhíse Míchumais ar an 18 Márta chun iarratas a dhéanamh go ndéanfaí athbreithniú ar na roghanna atá ann Seomra na Gaeilge a dhéanamh “níos inrochtana”. Luadh sa cháipéis gurb é an rogha tosaíochta ná go bhfaomhfar caiteachas chun staidéar féidearthachta a dhéanamh le réitigh féideartha a chur ar fáil. Beidh cinneadh á dhéanamh ar plean ollscoile maidir le rochtain do chách i mí Aibreáin agus tá sé mar aidhm go mbeadh an Seomra san áireamh ar liosta na dtionscadal caipitil sin.	8. Seomra na Gaeilge The Coiste was informed that Estates and Facilities sent a memo to the Bursar and the Director of Disability Services on 18th March requesting a review of options to make Seomra na Gaeilge more accessible. The document stated that the preferred option is to approve expenditure to carry out an accessibility audit and produce potential solutions. A decision will be made in April on a plan for universal access and it is hoped that Seomra na Gaeilge will be included in the list of capital projects.
9. Aon ghnó eile Ní raibh aon ghnó eile.	9. Any other business There was no other business.